

## Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Sinsearacha

# Taitneamh na Gréine



Tacaíonn an ghrian le gach cineál beatha ar an domhan seo. Mura mbeadh an ghrian ann, ní bheadh muidne ann ach oiread!

Gan an ghrian ann, reofadh an t-uisce go léir ar domhan agus bheadh an domhan ina liathróid mhór oighir.

### An raibh a fhios agat?



Is réalta í an ghrian, ceann de 100 billiún réalta atá sa réaltra.

Is í an ghrian an ní is mó sa Ghrianchóras go mór fada. Tá sí chomh mór sin go bhféadfai milliún domhan a chur isteach ann!


Tá an ghrian suite 93 milliún míle uainn, ach faighimid díreach an méid gréine cuí chun go mbeadh ár bpláinéad ináitrithe.

Tá an ghrian comhdhéanta de:

70% gás hidrigine

28% gás héiliam

2% miotail



### Conas a shroicheann solas na gréine an domhan?

Tógann sé díreach os cionn 8 nóiméad ar sholas na gréine teacht chuig an Domhan.

Tagann solas chuig an domhan ar an-chuid bealaí éagsúla, i bhfoirm gathanna solais nó radaíocht ultraivialait go príomha.


Tá roinnt de na gathanna solais infheicthe, agus tá roinnt gathanna eile nach bhfuil.

Feiceann feithidí níos mó radaíochta ultraivialait ná mar a fheiceann daoine daonna!

### Céard a shocraíonn neart na gréine?

- Suíomh na gréine sa spéir.
- Líon na mbrat scamall.
- An tréimhse sa bhliain

Athraíonn suíomh na gréine i rith an lae, agus sroicheann sé a phointe is airde ag thart ar meán lae.



Ciallaíonn sé sin go bhfuil radaíocht ultraivialait ag a leibhéal is airde ag an taca sin sa lá.

Athraíonn na leibhéil radaíochta UV i rith na bliana.

Tá sé ag a leibhéal is láidre timpeall ar Ghrianstad an tsamhraidh (21 Meitheamh) agus ag a leibhéal is laige timpeall ar Ghrianstad an gheimhridh (21 Nollaig).

### Dainséar na gréine

Is rith mhíonna an tsamhraidh féadann gathanna ultraivialait (GUV) damáiste a dhéanamh dár gcaiceann.

Sa ghearrthéarma, griandó a bhíonn mar thoradh air.

San fhadtéarma, féadann aosú craicinn roimh am a bheith mar thoradh air. I gcásanna troma, féadann ailse chraicinn a bheith mar thoradh air.

### Conas fanacht sábháilte sa ghrian

Ól barraíocht uisce.

Clúdaigh tú féin agus bain úsáid as lóis grianscaith FCG 15+ ar a laghad.



Seachain solas gréine díreach agus aimsigh scáth, go háirithe ag an tréimhse is teo sa lá (óna 10r.n. go 2i.n.).


Ná déan aclaíocht dhian má tá an teas ard.

### Conas a dhéanaimid taitneamh na gréine a thaifeadadh?

Úsáidimid ionstraim darb ainm **Taifeadán Campbell-Stokes** Chun taitneamh na gréine a thaifeadadh.

Is lionsa sféarúil é - cosúil le liathróid chriostail.

Díríonn an liathróid ghloine gathanna na gréine ar stiall chairtchláir.



Dóinn gathanna na gréine raon ar an stiall chairtchláir.

Ag féachaint ar an gcuid dóite, tomhaisimid líon na n-uaireanta gréine sa lá.